Mo Frithghníomhú a Thomhas

FEARAS	Stiall frithghníomhaithe, fáiscín páipéar, Marla, gliú nó Pritt, pollaire páipéir
ULLMHÚCHÁN	Déan cóipeanna den stiall frithghníomhaithe agus gearr amach iad.
CÚLRA	Titeann rudaí go talamh ag an luas céanna is cuma éadrom nó trom iad (imscrúdú cáiliúil a rinne Galileo ag tuar Pisa). De bhrí go bhfuil páipéar éadrom cuireann an t-aer isteach go mór air nuair a bhíonn sé ag titim. Tugann píosa marla meáchan breise don stiall pháipéir agus cuirtear tionchar an aeir ar neamhní. Níl d'fhórsaí ag feidhmiú anois ar an stiall ach domhantarraingt agus mar sin ba chóir go dtitfeadh gach stiall frithghníomhaithe faoin luasghéarú chéanna. Chun a bheith cinnte go bhfuil triail cothrom i gceist, an cóir go mbeadh na píosaí marla go léir ar an dtoirt céanna ag gach grúpa?
SCILEANNA	Ag imscrúdú Ag meas Ag tomhas
GNÍOMHAÍOCHT	Do frithghníomhú a thomhas: Gearr amach an stiall frithghníomhaithe, fill sa lár é agus greamaigh an dá thaobh le chéile. Déan poll beag cóngarach don bhun agus cuir fáiscín páipéir isteach ann. Cuir an marla ar an bhfáiscín chun meáchan a thabhairt don stiall frithghníomhú. Chun luas do frithghníomhú a thomhas iarr ar do chara greim a choinneáil ar bharr na stiallach frithghníomhaithe. Cuir d'ordóg agus do chéad mhéar in aice leis an marc 0.00 ar an stiall frithghníomhaithe. Gan choinne ligeadh do chara don stiall titim agus a luaith agus is féidir leatsa beir greim ar an stiall le do mhéara. Is féidir leat luas do frithghníomhú a léamh ag an áit a bhfuil do mhéara ar an stiall.
SÁBHÁILTEACHT	—
LEATHNÚ	Is féidir leis na páistí a gcuid frithghníomhaithe a thomhas i staideanna éagsúla.

Mo Fhrithghníomhú a thomhas ar lean

Uaineadóir Frithghníomhaithe



0.25	
0.24	
0.23	
0.22	
0.21	
0.20	
0.19	
0.18	
0.17	
0.16	
0.15	
0.14	
0.13	
0.12	
0.11	
0.10	
0.00	
gar-am i soicind	